Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)

13684/23

LIMITE

JAI 1243
FREMP 269
AG 112
POLGEN 137

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Iarrachtaí chun éifeachtúlacht agus cáilíocht na gcóras ceartais a fheabhsú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, an nóta ón Uachtaránacht maidir le lón oibre na nAirí Ceartais agus Gnóthaí Baile ag an gComhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile an 19-20 Deireadh Fómhair 2023.

PUBLIC

**Lón oibre: Iarrachtaí chun éifeachtúlacht agus cáilíocht na gcóras ceartais a fheabhsú.**

**I.**

Tá an smacht reatha, in éineacht leis an daonlathas agus le hurraim do chearta an duine, ar cheann de luachanna bunaidh an Aontais. Is coiteann do na Ballstáit uile é agus is bunchloch d'fhéiniúlacht an Aontais é. Is gné lárnach de chobhsaíocht pholaitiúil agus de rathúnas eacnamaíoch na hEorpa é. Mar a dúirt an tUachtarán von der Leyen san aitheasc ar Staid an Aontais in 2023, *óir beidh an smacht reachta agus cearta bunúsacha i gcónaí mar bhunchlocha inár nAontas – sna Ballstáit reatha agus sna tíortha a bheidh ina mBallstáit amach anseo.*.

Is éard a áirítear, leis an smacht reachta a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE, prionsabail na dlíthiúlachta lena dtugtar le tuiscint go bhfuil próiseas reachtóireachta trédhearcach, cuntasach, daonlathach agus iolraíoch ann; prionsabal na deimhneachta dlíthiúla; prionsabal an toirmisc ar threallachas na gcumhachtaí feidhmiúcháin; cosaint éifeachtach bhreithiúnach, lena n-áirítear rochtain ar an gceartas; cúirteanna neamhspleácha neamhchlaonta, a mhéid a bhaineann le cearta bunúsacha, freisin; deighilt na gcumhachtaí; agus prionsabal an neamh-idirdhealaithe agus an chomhionannais faoin dlí.

I bhfianaise a thábhachtaí atá sé, tá roinnt uirlisí Eorpacha ann chun seasamh leis an bprionsabal sin.

Ionstraim is ea Timthriall Bliantúil an Smachta Reachta arna bhunú ag an gCoimisiún Eorpach chun idirphlé agus an fheasacht chomhpháirteach ar shaincheisteanna a bhaineann leis an smacht reachta a dhoimhniú; uirlis choisctheach mar aon le hionstraim is ea í freisin chun an glacadh beart a chothú d'fhonn ár n-institiúidí agus an mhuinín atá ag ár saoránaigh iontu a neartú. Sna Tuarascálacha maidir leis an Smacht Reachta a glacadh ó 2020 i leith, baintear leas as foinsí éagsúla, lena n-áirítear Scórchlár Ceartais an Aontais Eorpaigh[1]. Le hidirphlé bliantúil na Comhairle maidir leis an smacht reachta, baintear úsáid as an tuarascáil ón gCoimisiún agus, chomh maith leis an bplé a rinneadh ag an gComhairle Gnóthaí Ginearálta, tá tuilleadh plé agus plé níos doimhne á dhéanamh ag an gComhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an smacht reachta a thagann faoina hinniúlacht ó 2020 i leith.

[1] 10407/23-2023 Scórchlár Ceartais AE — Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an mBanc Ceannais Eorpach, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún COM(2023) 309.

Is bunriachtanach iad córais cheartais éifeachtacha, de réir Scórchlár Ceartais AE 2023, chun dlí an Aontais a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú agus chun tacú leis an smacht reachta agus le luachanna bunúsacha eile an Aontais agus atá i gcoiteann ag na Ballstáit. Feidhmíonn na cúirteanna náisiúnta mar chúirteanna de chuid an Aontais agus dlí an Aontais á chur i bhfeidhm. Is le Scórchlár Ceartais AE a thugtar forbhreathnú bliantúil ar tháscairí, a dhírítear ar na trí pharaiméadar bhunriachtanacha na gcóras ceartais éifeachtach a leanas: i) an éifeachtúlacht; ii) cáilíocht; iii) an neamhspleáchas.

PUBLIC

**II.**

Córais cheartais dhea-fheidhmiúla, is ríthábhachtacha an rud iad chun dlí an Aontais a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú agus chun an smacht reachta a chosaint. Déanann córas ceartais éifeachtúil a chinntí a chur i gcrích gan moill mhíchuí. Baineann imeachtaí rófhada agus riaráistí suntasacha an bonn den mhuinín atá ag saoránaigh agus gnólachtaí as na córais cheartais náisiúnta.

Dá bhrí sin, is fíorthábhachtach é peirspictíocht eacnamaíoch na gcóras breithiúnach. Córas breithiúnach nach dtugann ráthaíochtaí leordhóthanacha, nó nach n-oibríonn le dícheall leordhóthanach sá chás go measfadh ceann de na páirtithe gur rinneadh éagóir ina leith, is amhlaidh is mó an dhídhreasacht a bheadh ann ó thaobh na hinfheistíochta gnó agus, dá réir sin, fhás na táirgiúlachta agus aschur an gheilleagair ina iomláine. Tá na córais cheartais éifeachtacha bunriachtanach don iontaoibh fhrithpháirteach agus chun feabhas a chur ar an timpeallacht infheistíochta agus ar inbhuanaitheacht an fháis fhadtéarmaigh. Suirbhé bliantúil 2023 maidir leis an bhfás inbhuanaithe[2], ina leagtar amach tosaíochtaí an Aontais don bheartas eacnamaíoch agus fostaíochta, ina ndeimhnítear an nasc atá ann idir córais cheartais éifeachtacha agus timpeallachtaí ghnó na mBallstát, agus geilleagar a fhóireann do dhaoine. Is féidir le córais cheartais atá ag feidhmiú go maith agus ag a bhfuil neamhspleáchas iomlán tionchar dearfach a imirt ar an infheistíocht, agus is ríthábhachtach iad chun an infheistíocht a chosaint, agus is amhlaidh dá réir a rannchuidíonn siad leis an táirgiúlacht agus leis an iomaíochas.

[2] 15184/22.

Ach oiread leis na cleachtaí a rinneadh roimhe seo, tá anailís bhreise i dTuarascáil 2023 maidir leis an Smacht Reachta ar neamhspleáchas, ar cháilíocht agus ar éifeachtúlacht na gcóras ceartais i ngach Ballstát, rud a léiríonn a thábhachtaí atá córais cheartais dhea-fheidhmiúla agus lán-neamhspleácha chun a áirithiú go n-oibreoidh an ceartas chun leasa na saoránach agus na ngnólachtaí. Is ar na paraiméadair a leanas a bhraitheann éifeachtúlacht agus cáilíocht na gcóras ceartais: an cásualach[3], fad measta na n-imeachtaí[4], an ráta imréitigh[5], líon na gcásanna atá ar feitheamh[6], fad na n-imeachtaí, inrochtaineacht an cheartais[7] agus úsáid uirlisí digiteacha[8] agus uirlisí measúnaithe[9] chomh maith leis na hacmhainní airgeadais agus daonna atá ar fáil dóibh[10], go háirithe an bhfuil acmhainní leordhóthanacha acu agus an bhfuil an fhoireann cáilithe, oilte agus an íoctar go hiomchuí iad. D'fhéadfadh comhlíonadh cothrom na bparaiméadar sin go léir a bheith ina dhúshlán do na Ballstáit; bíodh sin mar atá, áfach, léiríonn Scórchlár Ceartais an Aontais 2023 go bhfuil feabhas ag teacht de réir a chéile ar éifeachtacht chórais cheartais an Aontais i bhformhór mór na mBallstát[11].

Na hacmhainní airgeadais a leithdháiltear ar chórais náisiúnta bhreithiúnacha, bíonn tionchar díreach acu ar an bhfad a mhaireann na himeachtaí breithiúnacha agus tá go leor Ballstát tar éis acmhainní breise a leithdháileadh ar a gcóras ceartais laistigh dá bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta. Tá roinnt tionscnamh curtha chun feidhme acu freisin chun feabhas a chur ar an digiteáil, rud a bhí ina thosaíocht ag roinnt Ballstát le tamall anuas. Cuireadh bearta nuálacha i bhfeidhm freisin, ina bhfuil sé riachtanach oiliúint a chur ar fáil do bhaill na ngairmeacha breithiúnacha.

Ina theannta sin, is bunriachtanach iad na hacmhainní daonna leordhóthanacha, ní hamháin chun a áirithiú go ndéanfar cinntí cúirte gan mhoill ach freisin chun tarraingteacht na ngairmeacha breithiúnacha agus infhaighteacht gairmithe cáilithe, oilte agus luach saothair leordhóthanach a áirithiú. Ba cheart go mbeadh na hacmhainní a leithdháiltear ar na córais cheartais coibhéiseach le tábhacht na gcúraimí agus na bhfreagrachtaí a thugtar dóibh agus is é riar an cheartais ar na cinn is ábhartha.

---

[3] Scórchlár Ceartais an Aontais 2023, Figiúirí 2-4.
[4] Scórchlár Ceartais an Aontais 2023, Figiúirí 5-9.
[5] Scórchlár Ceartais an Aontais 2023, Figiúirí 10-12.
[6] Scórchlár Ceartais an Aontais 2023, Figiúirí 13-15.
[7] Scórchlár Ceartais an Aontais 2023, Figiúirí 24-31.
[8] Scórchlár Ceartais an Aontais 2023, Figiúirí 40-48.
[9] Scórchlár Ceartais an Aontais 2023. Figiúir 39.
[10] Scórchlár Ceartais an Aontais 2023, Figiúirí 32-38.
[11] Scórchlár Ceartais an Aontais 2023, cuid iii.



PUBLIC

Ar deireadh, tá bearta breise déanta ag go leor Ballstát chun feabhas a chur ar chur i bhfeidhm theicneolaíochtaí na faisnéise agus na cumarsáide (TFC) ar na córais cheartais, ós rud é go neartaíonn siad córais cheartais na mBallstát agus go ndéantar iad a dhéanamh níos inrochtana, níos éifeachtúla agus níos athléimní mar gheall ar an digiteáil lena chois. Tá an digiteáil ríthábhachtach chun éifeachtacht na gcóras ceartais a mhéadú agus chun rochtain ar an gceartas a éascú. Cuideoidh sé leis na Ballstáit na dúshláin atá roimh na córais cheartais náisiúnta faoi láthair agus a bheidh roimhe ann amach anseo a shárú. Má bhaintear úsáid as teicneolaíochtaí nuálacha, cuir i gcás an intleacht shaorga agus an róbatú, is féidir am a shábháil agus is féidir na cúraimí atriallacha a fhágáil faoi chúram meaisíní. I ndáil leis an méid sin, is iad an bhearna dhigiteach a dhúnadh agus an intleacht shaorga a úsáid dhá cheann de na dúshláin is dócha a mbeidh ar na Ballstáit aghaidh a thabhairt orthu sa ghearrthéarma.

Iarrtar ar na hAirí aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna seo a leanas chun plé a spreagadh:

- Na dea-chleachtais a glacadh i bhur mBallstát chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus ar cháilíocht an chórais cheartais, an bhféadfadh sibh iad a aithint, agus aird á tabhairt ar na dúshláin nua atá roimh na córais ceartais, cuir i gcás úsáid na hintleachta saorga agus úsáid físchomhdhála?

- Conas arbh fhéidir leis an Aontas tuilleadh tacaíochta a thabhairt do na Ballstáit chun éifeachtúlacht agus cáilíocht na gcóras ceartais náisiúnta a threisiú, dar libh?

PUBLIC